An Roinn Talmhaíochta,
Bia agus Mara
Department of Agriculture,
Food and the Marine



# SCÉ IMDRÉASACHTA CURAI OCHTA(TIS)

# Téarmaí agus Coinníollacha

## 1. Imlíne Ghinearálta

Is Beart tacaíochta í an Scéim Dreasachta Curaíochta (TIS) d'fheirmeoirí chun an méadú ar na barraí curaíochta incháilithe a spreagadh in 2022 chun an spleáchas ar ábhar beatha allmhairithe a laghdú.

Tá an Scéim seo maoinithe ón Státchiste Náisiúnta.

Cuirtear an Scéim Dreasachta Curaíochta i bhfeidhm de bhun bhearta an Chreata Ghéarchéime Shealadaigh do Chúnamh Stáit chun tacú leis an ngeilleagar tar éis ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Tá mionsonraí na scéime curtha in iúl don Choimisiún Eorpach i gcomhréir leis an gCreat Géarchéime Sealadach (TCF) agus beidh faomhadh na n-iarratas faoin mbeart faoi réir chinneadh an Choimisiúin maidir leis an scéim. Tá na bearta cabhrach a fhorbraítear faoi TCF faoi réir na hOibleagáide Neamhghníomhaíochta i gcomhlíonadh Airteagal 108(3) TFEU. Ciallaíonn sé sin nach féidir aon chabhair a dheonú ná a íoc amach roimh fhógra a thabhairt don Choimisiún agus roimh fhormheas an Choimisiúin. I gcomhréir le ceanglais an Chreata, ní rachaidh cabhair fhoriomlán tráth ar bith thar €35,000 in aghaidh an ghnóthais.

Beidh Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí (BPS) mar bhonn le hincháilitheacht don Scéim agus beidh feidhm ag rialacha BPS de réir Théarmaí agus Choinníollacha BPS 2022 maidir le hincháilitheacht. Tá na téarmaí agus coinníollacha iomlána ar fáil ar líne ar: https://www.gov.ie/en/collection/73aea-schemes-and-services-agriculture-food-and-the-marine/#basic-payments-and-entitlements. Ba cheart d'iarratasóirí na barraí incháilithe a fhógairt ar a n-iarratas ar líne faoi Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí 2022. Scríobhfaidh an Roinn chuig iarratasóirí incháilithe i mí an Mheithimh 2022, ag tabhairt cuireadh dóibh iarratas a dhéanamh ar an scéim.

Is féidir aon cheist maidir leis an mBeart a chur chuig:

| Poist | Ríomhphost | Teileafón |
|---|---|---|
| TIS<br>An Roinn Talmhaíochta, Bia, agus Mara<br>Seanbhóthar Mhainistir Laoise<br>Port Laoise<br>Co. Laoise | DirectPaymentsCorrespondence@agriculture.gov.ie | 057-8674422 |

## 2. Cuspóir na Scéime

Is é cuspóir na Scéime feirmeoirí a spreagadh agus a dhreasú chun an limistéar a fhástar na barraí incháilithe a mhéadú in 2022. Caithfidh an limistéar barr nua a bheith ar thalamh nach raibh i dtáirgeadh barr, ar dhearbhú BPS 2021 don dáileacht. Is é an buiséad don scéim ná €10m agus is é an aidhm atá ann 25,000 heicteár breise de bharra incháilithe a bhaint amach.

## 3. Cáilitheacht agus Riachtanais Scéime

Le bheith incháilithe don Bheart, ní mór d'iarratasóirí an dá phríomhchoinníoll seo a leanas a chomhlíonadh:

1. Ní mór go mbeadh méadú ar iomlán na mbarr curaíochta a fhástar ar an ngabháltas in 2022 i gcomparáid le 2021. Sainmhínítear barra curaíochta mar bharra incháilithe na Scéime Dreasachta Curaíochta (e.g. coirce, cruithneacht, eorna etc., féach an tábla thíos chun liosta iomlán a fháil de bharra incháilithe), mar aon leis na Barra próitéine seo a leanas, i.e. piseanna, pónairí, lúipíní agus barr meascán próitéine/gránach (50:50). Níl barra próitéine a chuirtear ar thalamh féaraigh nó ar bharra neamh-churaíochta incháilithe le haghaidh íocaíochta faoin Scéim Dreasachta Curaíochta ach tá siad incháilithe le haghaidh íocaíochta faoin scéim cúnaimh próitéin ar leithligh.
2. Ní mór an talamh ar a bhfástar na barraí incháilithe breise don scéim seo a bheith i bhféarach nó i gceann de na barraí neamhchuraíochta eile atá liostaithe thíos in 2021.

Tá na barraí a mheastar mar thalamh féaraigh agus neamh-churaíochta chun críocha na scéime seo leagtha amach thíos.

| **Barra** |
|---|
| Alfalfa |
| Seamair |
| Branar |
| Féar Bhliain 1 |
| Féar Bhliain 2 |
| Féar Bhliain 3 |
| Féar Bhliain 4 |
| Féar Bhliain 5 |
| Min fhéir |
| Cnáib le haghaidh Úsáide Bia |
| Cnáib le haghaidh Úsáide Tionsclaíche |
| Meidic na mbó |
| Miscanthus Sinensis |
| Féarach Buan |
| Prátaí |
| Seamair Dhearg |
| Saileach |

Ina theannta sin, tá feidhm ag na coinníollacha seo a leanas:

- Cuir foirm iarratais BPS isteach ar líne in 2022.
- Iarratas bailí ar BPS 2021 a bheith curtha isteach ag an bhfeirmeoir, mura rud é gur iontrálaí nua é an feirmeoir in 2022.
- Sa chás nach raibh an talamh a bhí á dearbhú in 2022 ar iarratas BPS in 2021, féadfaidh an Roinn fianaise ón iarratasóir a éileamh chun a chruthú nach raibh na tailte i dtáirgeadh barr in 2021.
- Tá na barraí incháilithe nach mór a dhearbhú ar an iarratas ar líne BPS leagtha amach thíos.

| |
|---|
| Coirce– Earrach |
| Coirce– Geimhreadh |
| Cruithneacht– Geimhreadh |
| Cruithneacht– Earrach |

| |
|---|
| Seagal |
| Eorna- Geimhreadh |
| Eorna- Errach |
| Ola Ráibe– Geimhreadh |
| Ola Ráibe– Earrach |
| Arbhar Indiach |
| Farae/Biatas siúcra |

- Níl aon limistéar íosta nó uasta ann. Féadfaidh sé seo a bheith comhdhéanta de dháileachtaí iolracha, fo-roinnteáin nó ceapacha.
- Ní fhéadtar ach dáileachtaí iomlána, fo-roinnteáin nó ceapacha nuair is gá a chur i bhfeidhm. Ní féidir le hiarratasóirí an Scéim a chur i gcrích ar pháirt-dháileacht nó ar cheapach.
- Féadtar na barraí incháilithe go léir a gcuirtear isteach ar an Scéim a bhaint nó a mbarr iomlán agus a shadhlasú.
- Féadtar féar a chur faoi bharr barraí ach ní mór an barr incháilithe a chur agus a chothabháil de réir dea-chaighdeán tráchtála. Táthar ag súil go ndéanfaí barra a bhainistiú i dtéarmaí cothaithe barr, rialú fiailí srl. Féadfar plandaí a chomhaireamh i gcás ina bhfuil fadhb le bunú na mbarr.
- Má theipeann ar an mbarr ní eiseofar aon íocaíocht.
- Tá feidhm fós ag na rialacha a rialaíonn talamh Natura agus teastaíonn cead ón NPWS maidir le barr a fhás ar thalamh Natura.

Is é an ráta íocaíochta €400 in aghaidh an heicteáir, rud a léiríonn ranníocaíocht i dtreo an mhéadaithe ar an gcostas a bhaineann le barra a fhás in 2022.

## 4. Oibriú na Scéime

Tá sé beartaithe ráta in aghaidh an heicteáir (€400/ha) a íoc le feirmeoirí a fhásann barraí curaíochta incháilithe breise in 2022 i gcomparáid leis an méid a d'fhás siad in 2021. Níor cheart go raibh na heicteáir bhreise i dtáirgeadh curaíochta in 2021 i.e. ba cheart go raibh siad ina bhféarach nó i mbarra neamh-churaíochta eile (mar atá i bpointe 3 thuas). Níl Barra Próitéin incháilithe le haghaidh íocaíochta agus déanfar an limistéar faoi bharra próitéine in 2021 agus 2022 a eisiamh sa ríomh chun achar na mbarr breise a fhástar in 2022 a chinneadh.

### Samplaí

Más rud é gur fhás feirmeoir 65 heicteár de bharra incháilithe in 2021 agus in 2022, fuair an feirmeoir 15 heicteár de thalamh féaraigh agus d'fhás sé barraí incháilithe (gránaigh (geimhreadh nó earrach), ola ráibe, arbhar Indiach, nó biatas (farae/siúcra)) ar an 65ha móide an 15 heicteár breise, tá an feirmeoir i dteideal íocaíocht de €400/ha a fháil ar na 15 heicteár nua incháilithe arbh fhiú €6,000 é.

Más rud é gur fhás feirmeoir 100 heicteár de bharra incháilithe in 2021 agus más rud é gur fhás sé 120 heicteár de bharra incháilithe in 2021 ach go raibh an 20 heicteár breise i gcuraíocht in 2021 níl aon íocaíocht dlite toisc go raibh an talamh breise i dtáirgeadh curaíochta in 2021.

Más rud é gur fhás feirmeoir 100 heicteár de bharra incháilithe ach má chaill sé 30 heicteár de thalamh agus 30ha de thalamh féaraigh a raibh ar cíos aige agus más rud é gur fhás sé barraí incháilithe in 2022, níl aon íocaíocht dlite toisc nach bhfuil aon mhéadú ar an limistéar curaíochta iomlán.

Más rud é gur fhás feirmeoir 100 heicteár de bharra incháilithe in 2021 agus gur fhás sé 110 heicteár de bharra incháilithe in 2022 ach gur bharr próitéine a bhí sa 10 heicteár de bharra breise ní bheadh aon íocaíocht dlite toisc nach bhfuil barra próitéine incháilithe don Scéim Dreasachta Curaíochta (TIS).

Más rud é gur fhás feirmeoir 100 heicteár de bharra incháilithe agus 50 heicteár de bharra próitéine in 2021 agus gur fhás sé 90 heicteár de barraí incháilithe (80 heicteár ar limistéar curaíochta atá ann cheana agus 10 heicteár ar thalamh féaraigh) agus 70 heicteár de bharra próitéine in 2022, tá an feirmeoir i dteideal íocaíocht de €400/heicteár a fháil ar an 10 heicteár nua incháilithe arbh fhiú agus €4,000 é. Mhéadaigh an feirmeoir a limistéar curaíochta iomlán ó 150 heicteár in 2021 go 160ha in 2022 agus chuir an feirmeoir na barra incháilithe breise ar thalamh a bhí i bhféarach in 2021.

Más rud é gur fhás feirmeoir 100 heictéar de bharra incháilithe agus 50 heictéar de bharra próitéine in 2021 agus gur fhás an feirmeoir 90 heictéar de bharra incháilithe (90 heictéar ar limistéar curaíochta atá ann cheana) agus 70 heictéar de bharra próitéine in 2022, níl aon íocaíocht dlite toisc go raibh limistéar na mbarr incháilithe curtha i dtáirgeadh barr in 2021.

## 5. Seiceálacha Riaracháin agus Comhlíonta

Tá iarratasóirí faoi réir na seiceálacha caighdeánacha riaracháin mar chuid de phróiseas iarratais an BPS. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag seiceálacha ar éilimh dhéacha, ró-éilimh, srl. ar an limistéar atá dearbhaithe le haghaidh TIS. Tá sonraí iomlána na seiceálacha a rinneadh mar chuid de phróiseáil an BPS leagtha amach i dTéarmaí agus Coinníollacha an BPS.

Déanfar seiceálacha riaracháin a bhaineann go sonrach le scéim. Coimeádann an RTBM an ceart aici féin cruthúnas a iarraidh ar chomhlíonadh cheanglais na Scéime sula n-eisítear íocaíochtaí. Féadfaidh an RTBM an liosta neamh-uileghabhálach modhanna seo a leanas a úsáid chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis an Scéim.

- Grianghraif geo-chlibeála den bharr incháilithe
- Fáltais don obair a rinneadh m.sh., síol, lotnaidicídí leasacháin a ceannaíodh

Rachaidh an DAFM i dteagmháil le hiarratasóirí, sula mbainfear an fómhar, chun iad a chur ar an eolas maidir le cén fhianaise ar leith atá ag teastáil agus cad iad na dáileachtaí.

## Pionóis

Cuirfear pionóis i bhfeidhm i gcúinsí nach bhfuil an gníomh curtha i gcrích nó nár críochnaíodh ach go páirteach é. Mar shampla, barr a cuireadh ach nach bhfuil á bhainistiú go cuí rud a fhágann go raibh loic ar an mbarr nó barr nach bhfuil dea-bhunaithe mar gheall ar fhaillí an iarratasóra.

Má sháraíonn an limistéar dearbhaithe an limistéar arna chinneadh, déanfar an chúnamh a ríomh bunaithe ar an limistéar arna chinneadh.

Má tá an difríocht idir an limistéar dearbhaithe agus an limistéar socraithe níos lú ná 5%, beidh an íocaíocht bunaithe ar an limistéar a chinnfear. Mar sin féin, má tá an difríocht níos mó ná 2 heicteár cuirfear na pionóis mar atá léirithe thíos i bhfeidhm, beag beann ar cibé an bhfuil an difríocht níos lú ná 5% nó nach bhfuil. Má tá an difríocht idir an limistéar dearbhaithe agus an limistéar cinntithe cothrom le nó níos lú ná 0.1 heicteár, bunaítear an íocaíocht ar an limistéar dearbhaithe (éilithe).

Má tá an difríocht idir an limistéar dearbhaithe agus an limistéar socraithe níos mó ná 5% nó 2 heicteár, ach nach mó ná 50% den limistéar arna chinneadh, beidh an íocaíocht bunaithe ar an limistéar arna chinneadh. Ina theannta sin, beidh pionós i bhfeidhm a ríomhfar ar an difríocht idir an limistéar dearbhaithe agus an limistéar arna chinneadh.

Más rud é go bhfuil an difríocht níos mó ná 50 % den limistéar arna chinneadh, ní dheonófar aon chúnamh. Ina theannta sin, beidh pionós i bhfeidhm a ríomhfar ar an difríocht idir an limistéar dearbhaithe agus an limistéar arna chinneadh.

Déanfar aon mhéideanna pionóis a fhritháireamh in aghaidh íocaíochtaí cúnaimh faoi aon íocaíocht a bhfuil an feirmeoir ina theideal i gcomhthéacs na n-iarratas a thaisceann sé le linn na dtrí bliana féilire tar éis bhliain féilire an chinnidh.

**Samplaí**[1]

| |
|---|
| **1. <u>Níos lú ná 5% agus faoi 2 heicteár</u>**<br><br>Éilíonn an t-iarratasóir 20 heicteár, fuarthas limistéar 19.70 heicteár, dearbhaigh sé achar de 0.30 heicteár níos mó .<br><br>0.30 / 19.70 = 1.5% thar dhearbhú.<br><br>***Bheadh méid na híocaíochta ag €8,000. Ní bheidh aon laghdú ná pionós agus beidh an íocaíocht bunaithe ar an limistéar aimsithe de 19.70 heicteár.***<br><br>***Is ionann an íocaíochta a bheidh dlite agus€7,880.00.*** |
| **2. <u>Idir 5% agus 50% agus/nó níos mó ná 2 heicteár</u>**<br><br>Éilíonn an t-iarratasóir 25 heicteár, fuarthas limistéar 22.50 heicteár, dearbhaigh sé achar de 2.50 heicteár níos mó .<br><br>2.50 / 22.50 = 11.11% thar dhearbhú.<br><br>***Bheadh méid na híocaíochta ag €10,000.00, laghdú anois de €1,111.00 agus pionós de €1111.00.***<br><br>***Is ionann an íocaíochta a bheidh dlite agus €7,778.*** |
| **<u>3. Níos mó ná 50%</u>**<br><br>Éilíonn an t-iarratasóir 50 heicteár, fuarthas limistéar 30 heicteár, dearbhaigh sé achar de 20 heicteár níos mó .<br><br>20.00 / 30.00 = 66.66% thar dhearbhú.<br><br>***Bheadh méid na híocaíochta ag €20,000. Toisc go bhfuil an ró-dhearbhú níos mó ná 20% níl aon íocaíocht dlite. Chomh maith leis seo toisc go bhfuil an ró-dhearbhú níos mó ná 50%, cuirtear pionós i bhfeidhm freisin, sa sampla seo bheadh an pionós 20 heicteár faoin ráta íocaíochta de €400 agus mar sin de bheadh ar an iarratasóir €8,000 a íoc.*** |

## 6. Iniúchtaí

Beidh ar a laghad 5% d'iarratasóirí TIS faoi réir iniúchtaí ar an bhfeirm. Meascán de chásanna randamacha agus bunaithe ar riosca a bheidh sna cásanna a roghnófar.

Aontaíonn feirmeoirí agus iad ag déanamh iarratais cead a thabhairt d'oifigigh nó do ghníomhairí na Roinne iniúchtaí ar an bhfeirm a dhéanamh gan réamhfhógra agus gan dochar do dhliteanas poiblí.

Chun seiceálacha agus iniúchtaí ar an bhfeirm a éascú, comhoibreoidh feirmeoirí agus/nó a g(h)níomhaire(í) le foireann na Roinne, tabharfaidh siad freagra iomlán ar gach ceist agus soláthróidh siad aon fhianaise dhoiciméadach a iarrtar. Mura ndéantar amhlaidh d'fhéadfadh go gcaillfí cúnamh.

Mura féidir cigireacht ar an bhfeirm a dhéanamh de bharr locht nó gníomh an fheirmeora, diúltófar don iarratas mura gcinnfidh an Roinn cás force majeure nó imthosca eisceachtúla.

Is éard a bheidh i gceist leis an gcigireacht, nuair is gá, limistéir a thomhas agus seiceálacha chun a chinntiú go bhfuil an barr bunaithe le clampaí plandaí ag teacht le dea-chleachtas tráchtála.

Cuirfear aon neamhchomhlíonadh a aithneofar le linn na cigireachta in iúl d'iarratasóirí tar éis na cigireachta.

## 7. Athbhreithnithe/Achomhairc

**Athbhreithniú Inmheánach**

Is féidir le hiarratais ar athbhreithniú nó ar achomharc teacht chun cinn ar go leor cúiseanna. D'fhéadfadh achomhairc eascairt as seiceálacha riaracháin nó as an bpróiseas iniúchta, bíodh sé cianda nó ar an talamh. Foráiltear leis an bpróiseas ar an gcéad dul síos d'athbhreithniú inmheánach laistigh den Roinn agus ina dhiaidh sin d'athbhreithniú seachtrach más gá.

**Athbhreithniú ar Nósanna Imeachta Riaracháin**

I gcás ina bhfuil feirmeoirí míshásta le toradh a n-iarratais ar scéim nó lena gceanglais riaracháin féadfaidh siad, ar an gcéad dul síos, athbhreithniú ar an gcinneadh a lorg i scríbhinn. Is féidir athbhreithnithe a lorg ar an gcéad dul síos ó bhainisteoir na Scéime Dreasachta Curaíochta.

Is féidir iad a chur isteach tríd an bpost chuig

Achomhairc TIS<br>
An Roinn Talmhaíochta, Bia, agus Mara,<br>
Seanbhóthar Mhainistir Laoise,<br>
Port Laoise<br>
Co. Laoise

De rogha air sin, is féidir iad a chur ar ríomhphost chuig DirectPaymentsCorrespondence@agriculture.gov.ie.

Ní mór go léireodh aon iarratas ar athbhreithniú na forais leis an iarratas athbhreithnithe sin.

**Athbhreithniú ar Chigireachtaí**

Sa chás nach bhfuil an feirmeoir sásta le haon torthaí cigireachta, féadfaidh sé/sí athbhreithniú inmheánach céadchéime a lorg laistigh den tseirbhís cigireachta. Tabharfaidh litreacha fógra ar thorthaí sonraí faoi na roghanna achomhairc atá ar fáil agus sonraí teagmhála.

**Achomharc**

Mura réitíonn athbhreithniú inmheánach na Roinne an cás chun sástachta an fheirmeora, is féidir achomhairc a dhéanamh leis an Oifig Achomhairc Talmhaíochta (AAO), ar gníomhaireacht reachtúil neamhspleách í. Cuireann sí seirbhís achomhairc neamhspleách, neamhchlaonta, saor in aisce ar fáil d'fheirmeoirí atá míshásta le cinntí an DAFM maidir lena dteidlíochtaí faoi scéimeanna áirithe.

Ní mór achomhairc a chur faoi bhráid an AAO laistigh de thrí mhí ó dháta an fhógra chuig na feirmeoirí maidir le cinneadh deiridh na Roinne. I gcásanna áirithe, má mheasann an stiúrthóir gur cuí é, is féidir síneadh a chur leis an spriocdháta trí mhí seo ar bhonn cás ar chás.

Leagtar síos san Acht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001, chomh maith leis na Rialacháin um Achomhairc Talmhaíochta, 2002 (arna leasú), feidhmeanna na hoifige, na cinntí a d'fhéadfaí a achomharc agus na nósanna imeachta atá le leanúint maidir le hachomhairc talmhaíochta. Ón dáta a bhfaightear an cháipéisíocht ábhartha go léir, beidh sé mar aidhm ag an Oifig Achomhairc a cuid torthaí a thabhairt chun críche laistigh de thréimhse trí mhí.

Tá sonraí iomlána faoi nósanna imeachta achomhairc, lena n-áirítear sonraí faoi na Scéimeanna atá clúdaithe, ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige Achomhairc Talmhaíochta ag www.agriappeals.gov.ie nó ó oifigí áitiúla na Roinne. Ba chóir achomhairc a sheoladh chuig an Oifig Achomhairc Talmhaíochta.

Má cheapann an feirmeoir, ag deireadh an nós imeachta achomhairc, nár déileáladh i gceart lena c(h)ás, is féidir leis/léi cúnamh a lorg ón Ombudsman trí theagmháil a dhéanamh le hOifig an Ombudsman.

## 8. Force majeure nó Cúinsí Eisceachtúla

I gcás inar mian le hiarratasóir brath ar force majeure/cúinsí eisceachtúla, tá an oibleagáid ar an tairbhí fógra i scríbhinn a thabhairt don Roinn maidir le teagmhas den sórt sin. Ní mór an fógra a chur isteach, mar aon leis an bhfianaise ábhartha chun sástacht na Roinne, laistigh de chúig lá oibre dhéag ón dáta a bhfuil an cumas ag an tairbhí nó ag an duine atá i dteideal tríd é/í féin, é sin a dhéanamh.

Gan dochar do na himthosca iarbhír atá le cur san áireamh i gcásanna aonair imthosca eisceachtúla féadtar na catagóirí seo a leanas de force majeure/cúinsí eisceachtúla a aithint:

- bás an tairbhí,
- éagumas gairmiúil fadtéarmach an tairbhí,
- díshealbhú an ghabháltais go léir nó cuid mhór di mura bhféadfaí a bheith ag súil leis an díshealbhú sin an lá a dhéanfaí an t-iarratas a thaisceadh,
- tubaiste nádúrtha trom a théann i bhfeidhm go mór ar an ngabháltas,
- scriosadh foirgnimh beostoic de thaisme ar an ngabháltas,
- galar eipeasótach nó galar plandaí a théann i bhfeidhm ar chuid nó ar bheostoc nó ar bharra an tairbhí faoi seach.

## 9. Fógra um Chosaint Sonraí

**Faisnéis ghinearálta um chosaint sonraí is infheidhme maidir le custaiméirí uile na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara ar fáil anseo:**

**https://www.gov.ie/en/organisation-information/ef9f6-data-protection/**

**Faisnéis a bhaineann go sonrach leis na sonraí pearsanta atá á mbailiú:**

**Is faisnéis shonrach iad na sonraí seo a leanas maidir leis na sonraí pearsanta arna bpróiseáil don Scéim Dreasachta Curaíochta.**

1. **Sainchuspóir:**

Tá na sonraí pearsanta a lorgaítear uaitse, an t-iarratasóir, ag teastáil chun críche iarratas a dhéanamh faoin Scéim Dreasachta Curaíochta. Mura gcuirtear na sonraí pearsanta go léir a theastaíonn chun próiseáil an iarratais, lena n-áirítear tástáil sonraí, a éascú, ní bheidh RTBM ábalta próiseáil a dhéanamh ar d'iarratas.

Féadfaidh an Roinn úsáid a bhaint freisin as sonraí a chuirtear ar fáil le linn iarratas a chur isteach faoin Scéim Dreasachta Curaíochta chun críocha faisnéis a nuashonrú ar na bunachair shonraí ábhartha atá i seilbh na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir leis an scéim seo (m.sh. bunachar sonraí mapála).

Ina theannta sin, próiseálann na rannóga seo a leanas faisnéis a fhaightear trí phróiseas iarratais na Scéime Dreasachta Curaíochta chun riarachán na scéime agus comhlíonadh théarmaí agus choinníollacha na scéime a éascú:

- An Rannóg um Rialuithe Comhtháite
- An Rannóg um Dheimhniú Barr
- An Rannóg Airgeadais

2. **Bunús dlíthiúil:**

Cuirtear an Scéim Dreasachta Curaíochta i bhfeidhm de bhun bhearta an Chreata Ghéarchéime Shealadaigh do Chúnamh Stáit chun tacú leis an ngeilleagar tar éis ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus tá sí á fheidhmiú ag RTBM.

**3. Faighteoirí:**

Roinnfear faisnéis a sholáthraítear mar chuid den iarratas ar an Scéim Dreasachta Curaíochta, le rannóga eile laistigh den Roinn, chun iarratais eile ar scéim ghaolmhar a phróiseáil go tráthúil agus go héifeachtúil.

Nuair a chuireann tú iarratas isteach ar an Scéim Dreasachta Curaíochta, d'fhéadfaí go gcuirfí cuid de do shonraí pearsanta ar fáil do Ranna/Gníomhaireachtaí Rialtais/Údaráis Áitiúla eile, ach amháin nuair a bhíonn bunús dlí bailí ann chun é sin a dhéanamh. Féadfar faisnéis phearsanta a scaoileadh freisin faoi théarmaí na reachtaíochta ábhartha um Chosaint Sonraí atá i bhfeidhm agus faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014.

Roinnfear faisnéis laistigh den Roinn chun riar na scéime a éascú, chun comhlíonadh na dtéarmaí agus coinníollacha a chinntiú agus chun monatóireacht agus luacháil na scéime a cheadú.

Féadfar sonraí pearsanta a úsáid chun críocha staidrimh, taighde agus anailíse i gcúinsí áirithe, ach ní dhéanfar é seo ach i gcomhréir leis an reachtaíocht um Chosaint Sonraí atá i bhfeidhm. Maidir leis na sonraí a úsáidtear chun na gcríoch sin cuirfear ainm bréige (maiscithe) orthu nó beidh siad gan ainm, de réir mar is iomchuí, chun slándáil agus rúndacht na sonraí a chosaint. D'fhéadfadh úsáid na sonraí ar an mbealach seo an Roinn a éascú maidir le eolas a thabhairt do chinntí sa todhchaí, a rachadh chun leasa fheirmeoir na hÉireann agus na hEarnála Talmhaíochta.

Tá oibleagáid dlí ar an Roinn faoi láthair faisnéis a sholáthar maidir le hiarratasóirí mar fhreagairt ar iarratais a fuarthas ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, An Garda Síochána, agus comhlachtaí eile, de réir Alt 8 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Féadfaidh tabhairt isteach an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí i mBealtaine 2018, agus aon reachtaíocht náisiúnta eile maidir le Cosaint Sonraí, na ceanglais agus an bunús reachtach d'iarrataí den sórt sin a athrú.

Mar chuid den scéim seo, má cheadaítear duit sa chlár, féadfaidh an Roinn nó gníomhairí ábhartha atá ag gníomhú thar a ceann iarraidh ort sonraí a sholáthar maidir le do rannpháirtíocht sa scéim, agus cigireachtaí/measúnuithe ar an bhfeirm a éascú, nuair is gá sin chun críocha measúnaithe, fíoraithe, meastóireachta nó taighde mar a fhoráiltear faoi théarmaí agus coinníollacha na scéime a Má chuirtear faisnéis den sórt sin ar fáil d'fhéadfadh sé d'iarratas a neamhbhailiú/a chealú.

**4. Aistrithe lasmuigh den AE:**

Ní tharchuirtear faisnéis a chuirtear ar fáil mar thaca le hiarratas faoin Scéim Dreasachta Curaíochta lasmuigh den AE faoi láthair.

**5. Tréimhse Choinneála:**

Ní choimeádfaidh RTBM na sonraí a chuir an t-ábhar sonraí isteach mar thaca leis an iarratas faoin Scéim Dreasachta Curaíochta, ach a fhad is gá gnó a dhéanamh de réir na gcuspóirí ar bailíodh iad ina leith.

Tar éis an ama seo, cuirfear ar aghaidh é lena scriosadh agus scriosfar é de réir treoirlínte inmheánacha nó treoirlínte maidir le scriosadh a fhaightear ó Oifig na Cartlainne Náisiúnta nó ceadanna gaolmhara a fhaightear uathu.

### 6. Oibleagáid reachtúil nó chonarthach é sonraí a sholáthar:

Tá na sonraí a chuirtear ar fáil chun na críche sin á n-iarraidh faoi cheanglais bhearta an Chreata Ghéarchéime Shealadaigh um Chúnamh Stáit chun tacú leis an ngeilleagar i ndiaidh ionsaí na Rúise in aghaidh na hÚcráine agus má roghnaíonn an custaiméir gan an fhaisnéis seo a sholáthar ní féidir lena n-iarratas ar an scéim Dreasachta Curaíochta dul ar aghaidh.

### 7. Cinnteoireacht Uathoibrithe:

Déanfar sonraí pearsanta a sholáthraítear agus iarratas á chur isteach faoin Scéim Dreasachta Curaíochta a phróiseáil go huathoibríoch chun an scéim a rith go héifeachtúil, agus chun na rannpháirtithe a íoc go tráthúil.

Úsáidfear cinnteoireacht uathoibrithe freisin chun rannpháirtithe a roghnú le haghaidh iniúchta.

### 8. Teachtaireachtaí téacs ginte ag an gcóras

Úsáideann an Roinn sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil di chun teachtaireachtaí téacs a ghintear ón gcóras maidir leis an scéim a eisiúint chuig iarratasóirí. Féadfaidh baint a bheith ag na teachtaireachtaí téacs seo le comhfhreagras a eisíodh nó íocaíochtaí.

### 9. Faisnéis theicniúil na sonraí a bailíodh

Tá faisnéis theicniúil faoi na fianáin a úsáidtear ar shuíomh gréasáin ár Roinne ar fáil ag an nasc seo a leanas: https://www.gov.ie/en/organisation-information/ef9f6-data-protection/